2025/2249

11.11.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2249 ÓN gCOIMISIÚN

## an 10 Samhain 2025

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a liostú agus leis na bearta le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2) agus (4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ([2]) ón gCoimisiún bunaítear liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Leagtar síos leis freisin bearta cosanta chun nach mbeidh na lotnaidí sin ar phlandaí sonracha le haghaidh plandú.

(2) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 leagtar amach liosta na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte agus na bplandaí sonracha le haghaidh plandú. Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin na bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phlandaí sonracha le haghaidh plandú.

(3) Chun go mbeifear ag teacht leis an leagan cothrom le dáta den ainmníocht idirnáisiúnta a leagtar síos le Liosta na nAinmneacha Prócarótacha a bhfuil Seasamh acu san Ainmníocht ([3]) agus in *Index Fungorum* ([4]), ba cheart ainmneacha na lotnaidí *Clavibacter michiganensis* ssp. *insidiosus* (McCulloch 1925) Davis *et al.*, *Clavibacter michiganensis* ssp. *michiganensis* (Smith) Davis *et al.*, *Diaporthe phaseolorum* var. *sojae* Lehman, *Gibberella fujikuroi* Sawada, *Xanthomonas axonopodis* pv. *phaseoli* (Smith) Vauterin *et al.*, *Xanthomonas euvesicatoria* Jones *et al.*, *Xanthomonas fuscans* subsp. *fuscans* Schaad *et al.*, *Xanthomonas gardneri* (ex Šutič) Jones *et al.* agus *Xanthomonas perforans* Jones *et al.* lena mbaineann a ionadú in Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le*Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al* ([5])., *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al* ([6])., *Diaporthe sojae* Lehman ([7]), *Fusarium fujikuroi* Nirenberg ([8]), *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al* ([9])., *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al* ([10])., *Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad *et al.*) Constantin *et al* ([11])., *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al* ([12]). agus *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al* ([13]).

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj]

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, *ELI:* http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj)

([3]) Parte, A.C., Sardà Carbasse, J., Meier-Kolthoff, J.P., Reimer, L.C. agus Göker, M. (2020). Bogtar Liosta na nAinmneacha Prócarótacha a bhfuil Seasamh acu san Ainmníocht (LPSN) go DSMZ. *International Journal of Systematic agus Evolutionary Microbiology*, 70, 5607-5612; DOI: 10.1099/ijsem.0.004332.

([4]) https://www.indexfungorum.org/

([5]) EECP (2024) *Clavibacter insidiosus*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([6]) EECP (2024) *Clavibacter michiganensis*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([7]) https://gd.eppo.int/taxon/DIAPPS.

([8]) https://www.speciesfungorum.org/GSD/GSDspecies.asp?RecordID=314213.

([9]) EECP (2024) *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([10]) EECP (2024) *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([11]) EECP (2024) *Xanthomonas citri* pv. *fuscans*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([12]) EECP (2024) *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

([13]) EECP (2024) *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. https://gd.eppo.int.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, arna leasú le Rialacha (AE) 2024/3115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), táthar le sonrú sa deimhniú físeashláintíochta ón 6 Iúil 2026, faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise', cé acu ceanglas sonrach atá á chomhlíonadh, aon uair a fhoráiltear do roinnt roghanna éagsúla i leith ceanglais den sórt sin sa ghníomh cur chun feidhme lena mbaineann arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(4), Airteagal 41(2) agus (3) agus Airteagal 54(2) agus (3). Tá foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha le bheith sa tsonraíocht sin. I gcás lotnaidí neamhchoraintín rialáilte, tá an chatagóir plandaí le haghaidh plandú lena mbaineann le bheith sa tsonraíocht freisin. Beidh feidhm ag na forálacha sin gan dochar do na díolúintí a leagtar amach in Airteagal 6(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(5) I bhfianaise an leasaithe ar Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, ba cheart roinnt codanna d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a oiriúnú ionas go mbeidh tríú tíortha in ann an beart ábhartha arna chur i bhfeidhm a lua sa deimhniú físeashláintíochta agus ionas go bhféadfaidh na Ballstáit na rialuithe allmhairiúcháin comhfhreagracha a dhéanamh ar bhealach níos éasca agus níos éifeachtaí.

(6) Go háirithe, i gCodanna A, B, G agus I d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, liostaítear na bearta i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte agus na plandaí comhfhreagracha i bhfoirm téacs. Dá bhrí sin, is gá iad a aistriú isteach i dtáblaí chun infheictheacht na roghanna éagsúla a éascú. Ar an gcúis chéanna, i gCodanna C, D, E, F, H, J agus K den Iarscríbhinn sin, ba cheart gach ró de na táblaí atá ann cheana a uimhriú.

(7) Thairis sin, laistigh de na táblaí i ngach Cuid d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ba cheart na lotnaidí agus a ngrúpa tacsanomaíoch lena mbaineann a liostú in ord aibítre. Tá gá leis sin ionas go mbeidh na liostaí sin níos soléite agus go mbeidh sé níos fusa ag an údarás inniúil, ag oibreoirí gairmiúla agus ag léitheoirí eile iad a úsáid.

(8) Ós rud é go léirítear cóid na hEagraíochta Eorpaí agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EECP) le haghaidh na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte uile in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ní gá a thuilleadh iad a lua in Iarscríbhinn V a ghabhann leis. Ba cheart iad a bhaint as an Iarscríbhinn sin dá réir sin.

(9) Thairis sin, ar mhaithe le cruinneas, ba cheart an t-údar lena mbaineann a áireamh i gcónaí in ainmneacha eolaíocha na lotnaidí. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don údar a áireamh in ainm eolaíoch lotnaidí i ngach cuid d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, i gcás ina bhfuil sí ar iarraidh.

(10) Chun raon feidhme na mbeart a shoiléiriú, ba cheart an cineál ábhair a bhfuil feidhm acu maidir leis a shonrú, mar aon leis na speicis plandaí lena mbaineann. Thairis sin, ba cheart an fhoclaíocht 'ráiteas oifigiúil' a chur isteach sa tríú colún de gach tábla in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, chun bheith comhsheasmhach le hIarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(11) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, i gcás nach leagtar amach bearta ach amháin maidir le gluaiseacht plandaí le haghaidh plandú laistigh de chríoch an Aontais, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis na bearta céanna chun na plandaí sin a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tíortha chun cur chuige neamh-idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm. Is amhlaidh atá i gcás na mbeart a bhaineann le *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.*, *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet, *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow, *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld, *Puccinia horiana* P. Hennings, *Aculops fuchsiae* Keifer, *Opogona sacchari* Bojer, *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier), tospaivíreas baill neacróisigh an impatiens agus tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí i gCuid C, *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr., *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet, *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow agus *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld i gCuid D, *Fusarium* Link (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell, *Helicobasidium brebissonii* (Desm.) Donk, *Stromatinia cepivora* Berk. agus tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí i gCuid H.

([14]) Rialachán (AE) 2024/3115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 a mhéid a bhaineann le cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe físeashláintíochta agus pasanna plandaí a úsáid, agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le fógraí áirithe faoi neamhchomhlíonadh (IO L, 2024/3115, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3115/oj)

(12) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, i gcás *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev i gCuid A, *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev, Candidatus Phytoplasma *solani* Quaglino *et al*., chrapviróideach an chriosantamaim agus víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí i gCuid C, *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev i gCuid E, *Verticillium dahliae* Kleb, *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev i gCuid H agus *Verticillium dahliae* Kleb. agus *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao i gCuid J, is iomchuí a cheadú, faoi na bearta a cheanglaitear, gluaiseacht plandaí lena mbaineann laistigh de chríoch an Aontais agus tabhairt isteach na bplandaí sin i gcríoch an Aontais, ar plandaí iad atá de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó na lotnaidí sin toisc nach bhfuil na lotnaidí sin leata go forleathan in áiteanna eile ar domhan.

(13) I gCuid G d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus go háirithe i gcás *Botrytis cinerea* de Bary, *Colletotrichum lini* Westerdijk, *Diaporthe caulivora* (Athow & Caldwell) J.M. Santos, Vrandecic & A.J.L. Phillips *Diaporthe sojae* Lehman agus *Fusarium* Link (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell, ceanglaítear le ceann de na bearta go raibh na síolta faoi réir cóireáil atá údaraithe lena húsáid in aghaidh na lotnaidí sonracha. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, is gá a shoiléiriú gurb é an t-údarás inniúil a dheonóidh an t-údarú sin.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir.

(15) Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna le hAirteagal 1, pointe (14), de Rialachán (AE) 2024/3115, lena gceanglaítear foclaíocht iomlán na rogha is infheidhme maidir leis an gcatagóir plandaí le haghaidh plandú lena mbaineann i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a léiriú ar na deimhnithe físeashláintíochta.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072**

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 6 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) i gCUID A, sa tábla, sa chéad cholún, déantar an tagairt do '*Clavibacter michiganensis* ssp. *insidiosus* (McCulloch 1925) Davis *et al.* [CORBIN]' a ionadú le '*Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* [CORBIN]';

(b) i gCUID B, sa tábla, sa chéad cholún, déantar an tagairt do '*Gibberella fujikuroi* Sawada [GIBBFU]' a ionadú le *Fusarium fujikuroi* Nirenberg [GIBBFU]';

(c) i gCuid D, sa tábla, leasaítear an chéad cholún mar a leanas:

(i) déantar an tagairt do '*Xanthomonas euvesicatoria* Jones *et al.* [XANTEU]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* [XANTEU]';

(ii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas gardneri* (ex Šutič) Jones *et al.* [XANTGA]' a ionadú le '*Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* [XANTGA]';

(iii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas perforans* Jones *et al.* [XANTPF]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones et al.) Constantin *et al.* [XANTPF]';

(d) i gCuid F, sa tábla, leasaítear an chéad cholún mar a leanas:

(i) déantar an tagairt do '*Clavibacter michiganensis* ssp. *michiganensis* (Smith) Davis *et al.* [CORBMI]' a ionadú le '*Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* [CORBMI]';

(ii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas axonopodis* pv. *phaseoli* (Smith) Vauterin *et al.* [XANTPH]' a ionadú le '*Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al.* [XANTPH]';

(iii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas fuscans* subsp. *fuscans* Schaad *et al.* [XANTFF]' a ionadú le '*Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad *et al.*) Constantin *et al.* [XANTFF]';

(iv) déantar an tagairt do '*Xanthomonas euvesicatoria* Jones *et al.* [XANTEU]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* [XANTEU]';

(v) déantar an tagairt do '*Xanthomonas gardneri* (ex Šutič) Jones *et al.* [XANTGA]' a ionadú le '*Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* [XANTGA]';

(vi) déantar an tagairt do '*Xanthomonas perforans* Jones *et al.* [XANTPF]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* [XANTPF]';

(e) i gCuid H, sa tábla, déantar an tagairt do '*Diaporthe phaseolorum* var. *sojae* Lehman [DIAPPS]' a ionadú le '*Diaporthe sojae* Lehman [DIAPPS]';

(f) i gCuid I:

(i) déantar an tagairt do '*Xanthomonas euvesicatoria* Jones *et al.* [XANTEU]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* [XANTEU]';

(ii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas gardneri* (ex Šutič) Jones *et al.* [XANTGA]' a ionadú le '*Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* [XANTGA]';

(iii) déantar an tagairt do '*Xanthomonas perforans* Jones *et al.* [XANTPF]' a ionadú le '*Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* [XANTPF]';

(2) Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn V:

*'IARSCRÍBHINN V*

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phlandaí sonracha le haghaidh plandú**

*Clár*

Cuid A: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol plandaí farae

Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr

Roinn 2. Sampláil agus tástáil síolta plandaí farae

Roinn 3. Bearta breise le haghaidh speicis plandaí áirithe

Cuid B: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol gránach

Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr

Roinn 2. Sampláil agus tástáil síl gránaigh

Roinn 3. Bearta breise le haghaidh síolta *Oryza sativa* L.

Cuid C: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus plandaí eile le haghaidh plandú, ar cinn iad a bheartaítear chun críoch ornáideach

Cuid D: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar atáirgthe foraoise, seachas síolta

Cuid E: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol glasraí

Cuid F: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phrátaí síl

Cuid G: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol plandaí ola agus snáithín

Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr

Roinn 2. Sampláil agus tástáil síolta plandaí ola agus snáithín

Roinn 3. Bearta breise le haghaidh síolta plandaí ola agus snáithín

Cuid H: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síolta

Roinn 1. Cigireacht

Roinn 2. Bearta breise le haghaidh speicis plandaí áirithe

Cuid I: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol *Solanum tuberosum* L.

Cuid J: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phlandaí *Humulus lupulus* le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta

Cuid K: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe torthaí agus ar phlandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia Lindl.*, seachas síolta

CUID A

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol plandaí farae**

**Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí allamuigh ar an mbarr óna dtáirgtear an síol plandaí farae maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ar an mbarr, chun a áirithiú nach sáraíonn an méid lotnaidí neamhchoraintín rialáilte atá ann na tairseacha a leagtar amach i dTábla 1.

*Tábla 1*

**Tairseacha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ar an mbarr a tháirgeann na síolta le linn cigireachtaí allamuigh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speiceas) | Tairseacha i dtaobh síol réamhbhunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol bunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol deimhnithe a tháirgeadh |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* | *Medicago sativa* L. | 0 % | 0 % | 0 % |
| 2. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | *Medicago sativa* L. | 0 % | 0 % | 0 % |

Féadfaidh an t-údarás inniúil cigirí, seachas na hoibreoirí gairmiúla, a údarú chun na cigireachtaí allamuigh a dhéanamh thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil.

(2) Déanfar na cigireachtaí allamuigh dá dtagraítear i bpointe (1) nuair a fhágann riocht agus céim forbartha an bhairr gur féidir cigireacht leordhóthanach a dhéanamh. Déanfar cigireacht allamuigh amháin ar a laghad in aghaidh na bliana, an tráth is iomchuí, chun na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann a aimsiú.

(3) Cinnfidh an t-údarás inniúil méid, líon agus dáileadh na sciartha den ghort a mbeidh cigireacht le déanamh orthu i gcomhréir leis na modhanna iomchuí.

Is é 5 % ar a laghad a bheidh i gcion na mbarr chun síol a tháirgeadh a ndéanfaidh an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil air.

(4) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 2. Sampláil agus tástáil síolta plandaí farae**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

(a) samplaí síl a thógáil go hoifigiúil ó bhaisceanna síolta plandaí farae;

(b) samplóirí síolta a údarú chun sampláil a dhéanamh thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil;

(c) comparáid a dhéanamh idir na samplaí síolta arna dtógáil aige féin agus samplaí ón mbaisc síolta céanna arna dtógáil ag na samplóirí síolta faoi mhaoirseacht oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na samplóirí síolta dá bhforáiltear i bpointe (2).

(2) Déanfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil an síol plandaí farae a shampláil agus a thástáil i gcomhréir leis na modhanna idirnáisiúnta atá cothrom le dáta.

Ach amháin i gcás sampláil uathoibríoch, seiceálfaidh an t-údarás inniúil sampla ina bhfuil cion 5 % ar a laghad de na baisceanna síolta a chuirtear isteach le haghaidh deimhniú oifigiúil. Scaipfear an cion sin ar bhealach chomh cothrom agus is féidir i measc na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuireann isteach síol lena dheimhniú, agus i measc na speiceas a chuirtear isteach, ach féadfar díriú leis freisin ar fháil réidh le hamhras sonrach.

(3) I gcás sampláil uathoibríoch, cuirfear nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm agus déanfar maoirseacht oifigiúil ar an tsampláil sin.

Maidir leis an scrúdú ar shíol le haghaidh deimhniúcháin, tógfar samplaí ó bhaisceanna aonchineálacha. A mhéid a bhaineann le meáchain na mbaisceanna agus na samplaí, beidh feidhm ag an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 66/401/CEE.

(4) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 3. Bearta breise le haghaidh speicis plandaí áirithe**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó na hoibreoirí gairmiúla faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí breise nó déanfaidh sé nó siad aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 2 a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann nó le siomptóim arb iad na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte sin is cúis leo.

Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go bhfuil cigireachtaí déanta ag an údarás inniúil, nó ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus go bhfuil aon ghníomh eile déanta aige chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 2, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 2*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú, agus, i gcás inarb infheidhme, catagóir | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Baictéir** | | | |
| 1. | *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* | Síolta ó: *Medicago sativa* L. síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) fásadh an barr ar thalamh nach raibh aon bharr *Medicago sativa* L uirthi roimhe seo le linn na 3 bliana roimh iad a chur agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* le linn cigireachtaí ar an láithreán táirgthe ná níor aimsíodh aon siomptóm de *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* ar aon bharr *Medicago sativa* L.in aice leis, le linn na curaíochta roimhe sin;<br>nó<br>(c) baineann an barr le cineál a aithnítear a bheith an-fhrithsheasmhach in aghaidh *Clavibacter insidiosus* (McCulloch) Li *et al.* agus ní bheidh cion an ábhair tháimh níos mó ná 0.1 % de réir meáchain. |
| **Néimeatóidí** | | | |
| 2. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | Síolta ó: *Medicago sativa* L. síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú, agus, i gcás inarb infheidhme, catagóir | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev ag an láithreán táirgthe le linn na curaíochta roimhe sin agus níor fásadh aon phríomhbharr óstaigh le linn an 2 bhliain roimhe sin ar an láithreán táirgthe agus rinneadh bearta sláinteachais iomchuí chun inmhíolú na láithreach táirgthe a chosc;<br>nó<br>(c) níor aimsíodh aon siomptóm de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev ag an láithreán táirgthe le linn na curaíochta roimhe sin agus níor aimsíodh aon *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev trí thástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch;<br>nó<br>(d) rinneadh cóireáil fhisiciúil nó cheimiceach iomchuí ar na síolta in aghaidh *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |

CUID B

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol gránach**

**Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí allamuigh ar an mbarr óna dtáirgtear an síol gránach, chun a dheimhniú nach sáraíonn na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte atá ann na tairseacha a leagtar amach i dTábla 1.

*Tábla 1*

**Tairseacha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ar an mbarr a tháirgeann na síolta le linn cigireachtaí allamuigh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speiceas) | Tairseacha i dtaobh síol réamhbhunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol bunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol deimhnithe a tháirgeadh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | | | |
| 1. | *Gibberella fujikuroi* Sawada | *Oryza sativa* L. | Ní fhacthas níos mó ná 2 phlanda shiomptómacha in aghaidh gach 200 m² le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí ar shampla ionadaíoch de na plandaí i ngach barr. | Ní fhacthas níos mó ná 2 phlanda shiomptómacha in aghaidh gach 200 m² le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí ar shampla ionadaíoch de na plandaí i ngach barr. | **Síol deimhnithe den chéad ghlúin (C1):** Ní fhacthas níos mó ná 4 phlanda shiomptómacha in aghaidh gach 200 m² le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí ar shampla ionadaíoch de na plandaí i ngach barr. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speiceas) | Tairseacha i dtaobh síol réamhbhunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol bunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol deimhnithe a tháirgeadh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | **Síol deimhnithe den dara glúin (C2):** Ní fhacthas níos mó ná 8 bplanda shiomptómacha in aghaidh gach 200 $m^2$ le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí ar shampla ionadaíoch de na plandaí i ngach barr. |
| **Néimeatóidí** | | | | | |
| 2. | *Aphelenchoides besseyi* Christie | *Oryza sativa* L. | 0 % | 0 % | 0 % |

Féadfaidh an t-údarás inniúil cigirí, seachas oibreoirí gairmiúla, a údarú chun na cigireachtaí allamuigh a dhéanamh thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil.

(2) Déanfar na cigireachtaí allamuigh sin nuair a fhágann riocht agus céim forbartha an bhairr gur féidir cigireacht allamuigh leordhóthanach a dhéanamh.

Déanfar cigireacht allamuigh amháin ar a laghad in aghaidh na bliana, an tráth is iomchuí chun na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann a aimsiú.

(3) Cinnfidh an t-údarás inniúil méid, líon agus dáileadh na sciartha den ghort a mbeidh cigireacht le déanamh orthu i gcomhréir leis na modhanna iomchuí.

Is é 5 % ar a laghad a bheidh i gcion na mbarr chun síol a tháirgeadh a bhfuil cigireacht oifigiúil le déanamh air.

(4) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 2. Sampláil agus tástáil síl gránaigh**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

(a) samplaí síl a thógáil go hoifigiúil ó bhaisceanna síolta gránach;

(b) samplóirí síolta a údarú chun sampláil a dhéanamh thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil;

(c) comparáid a dhéanamh idir na samplaí síolta arna dtógáil aige féin agus samplaí ón mbaisc síolta céanna arna dtógáil ag na samplóirí síolta faoi mhaoirseacht oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na samplóirí síolta dá bhforáiltear i bpointe (2).

(2) Déanfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil an síol gránach a shampláil agus a thástáil i gcomhréir le modhanna idirnáisiúnta atá cothrom le dáta.

Ach amháin i gcás sampláil uathoibríoch, seiceálfaidh an t-údarás inniúil sampla ina bhfuil cion 5 % ar a laghad de na baisceanna síolta a chuirtear isteach le haghaidh deimhniú oifigiúil. Scaipfear an cion sin ar bhealach chomh cothrom agus is féidir i measc na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuireann isteach síol lena dheimhniú, agus i measc na speiceas a chuirtear isteach, ach féadfar díriú leis freisin ar fháil réidh le hamhras sonrach.

(3) I gcás sampláil uathoibríoch, cuirfear nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm agus déanfaidh an t-údarás inniúil maoirseacht oifigiúil uirthi.

Maidir leis an scrúdú ar shíol le haghaidh deimhniúcháin, tógfar samplaí ó bhaisceanna aonchineálacha. A mhéid a bhaineann le meáchain na mbaisceanna agus na samplaí, beidh feidhm ag an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 66/402/CEE.

(4) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 3. Bearta breise le haghaidh síolta *Oryza sativa* L.**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí breise nó déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta liostaítear i dTábla 2 maidir leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann le haghaidh síolta *Oryza sativa* L.

Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go bhfuil cigireachtaí déanta ag an údarás inniúil, nó ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus go bhfuil aon ghníomh eile déanta aige chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 2, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 2*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Néimeatóidí** | | | |
| 1. | *Aphelenchoides besseyi* Christie | Síolta ó:<br>*Oryza sativa* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Aphelenchoides besseyi* Christie i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le tástálacha iomchuí ar shampla ionadaíoch as gach baisc, agus fuarthas iad a bheith saor ó *Aphelenchoides besseyi* Christie;<br>nó<br>(c) rinneadh cóireáil iomchuí uisce the nó cóireáil iomchuí eile in aghaidh *Aphelenchoides besseyi* Christie ar na síolta. |

CUID C

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus plandaí eile le haghaidh plandú, ar cinn iad a bheartaítear chun críoch ornáideach**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú, ar de thionscnamh tríú tíortha iad, a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go bhfuil cigireachtaí déanta ag an údarás inniúil, nó ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus go bhfuil aon ghníomh eile déanta aige chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Baictéir** | | | |
| 1. | *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Amelanchier* Medik.,<br>*Chaenomeles* Lindl.,<br>*Cotoneaster* Medik.,<br>*Crataegus* Tourn. ex L.,<br>*Cydonia* Mill.,<br>*Eribotrya* Lindl.,<br>*Malus* Mill.,<br>*Mespilus* Bosc ex Spach,<br>*Photinia davidiana* Decne.,<br>*Pyracantha* M. Roem.,<br>*Pyrus* L.,<br>*Sorbus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) fásadh na plandaí i láithreán táirgthe a ndearnadh cigireacht air ag tráth iomchuí chun *Erwinia amylovora* (Burrill) Winslow *et al.* a aimsiú le linn an tséasúir fáis is déanaí agus rinneadh na plandaí sin a raibh siomptóim na lotnaide sin le brath orthu, agus aon phlanda óstach thart timpeall orthu, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |
| 2. | *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Actinidia* Lindl. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) comhlíontar ceann de na ceanglais seo a leanas<br>(i) níor aimsíodh aon siomptóm de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto ar phlandaí sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó<br>(ii) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>— aimsíodh siomptóim de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto ar níos lú ná 1 % de na plandaí sa láithreán táirgthe, agus rinneadh na plandaí siomptómacha sin agus aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; agus<br>— rinneadh sciar ionadaíoch de na plandaí aisiomptómacha a bhí fágtha a shampláil agus a thástáil le haghaidh *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | — rinneadh sampláil agus tástáil randamach ar na plandaí le haghaidh *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto sular cuireadh ar an margadh iad agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 3. | *Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti &. Gardan) Young, Dye & Wilkie | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Prunus persica* (L.) Batsch,<br>*Prunus salicina* Lindl. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti &. Gardan) Young, Dye & Wilkie i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Físeashláintíochta;<br>nó<br>(b) d'fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas, trí chigireacht, a bheith saor ó *Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti &. Gardan) Young, Dye & Wilkie thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus rinneadh aon phlanda siomptómach i bhfiorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;<br>nó<br>(c) ní raibh siomptóim le brath ar níos mó ná 2 % de na plandaí sa bhaisc le linn cigireachtaí, ag tráthanna iomchuí chun *Pseudomonas syringae* pv. *persicae* (Prunier, Luisetti &. Gardan) Young, Dye & Wilkie a aimsiú thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus rinneadh na plandaí siomptómacha sin agus aon phlanda siomptómach i bhfiorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |
| 4. | *Spiroplasma citri* Saglio | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Citrus* L.,<br>Hibridí de *Citrus* L.,<br>*Fortunella* Swingle,<br>Hibridí de *Fortunella* Swingle,<br>*Poncirus* Raf.,<br>Hibridí de *Poncirus* Raf. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh cigireacht orthu, an tráth is iomchuí chun *Spiroplasma citri* Saglio a aimsiú, agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin;<br>agus<br>(b) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go n-aithnítear go bhfuil siad saor ó *Spiroplasma citri* Saglio i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Físeashláintíochta;<br>nó<br>(c) fuarthas go raibh an láithreán táirgthe saor ó *Spiroplasma citri* Saglio thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, trí chigireacht a dhéanamh ar na plandaí an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn an tséasúir fáis is déanaí;<br>nó<br>(d) bhí siomptóim le brath ar sciar nár mhó ná 2 % de na plandaí le linn cigireachta ag an tráth iomchuí chun *Spiroplasma citri* Saglio a aimsiú le linn an tséasúir fáis is déanaí, agus rinneadh na plandaí siomptómacha sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 5. | *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Prunus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) d'fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas, trí chigireacht, é a bheith saor ó *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus rinneadh aon phlanda siomptómach i bhfiorchóngar an láithreáin, agus na plandaí máguaird, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, mura rud é go ndearnadh iad a thástáil ar bhonn sampla ionadaíoch de phlandaí siomptómacha agus go léirítear sna tástálacha sin nach é *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* is cúis leis na siomptóim;<br>nó<br>(c) ní raibh siomptóim de *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* le brath ar níos mó ná 2 % de na plandaí sa bhaisc le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis is déanaí, agus rinneadh na plandaí siomptómacha agus aon phlanda siomptómach sa láithreán táirgthe agus ina fhíorchóngar, agus na plandaí máguaird, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, mura rud é go ndearnadh iad a thástáil ar bhonn sampla ionadaíoch de phlandaí siomptómacha agus go léirítear sna tástálacha sin nach é *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* is cúis leis na siomptóim;<br>nó<br>(d) i gcás speiceas síorghlas, rinneadh scrúdú amhairc ar na plandaí, roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus fuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* (Smith) Vauterin *et al.* |
| 6. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó:<br>*Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) fásadh na plandaí ó shíolta:<br>(i) atá de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(ii) a táirgeadh ó phlandaí nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar orthu arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(iii) a ndearnadh tástáil oifigiúil orthu le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.,* ar shampla ionadaíoch agus trí mhodhanna iomchuí (bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh), agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.*<br>agus<br>(b) coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 7. | *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* | Síolta ó: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid (bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh), agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin.. |
| | | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) fásadh na plandaí ó shíolta:<br>(i) atá de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (ii) a táirgeadh ó phlandaí nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar orthu arb é *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(iii) a ndearnadh tástáil oifigiúil orthu le haghaidh *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus trí mhodhanna iomchuí a úsáid (bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh), agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin;<br>agus<br>(b) coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 8. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó:<br>*Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| | | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) fásadh na plandaí ó shíolta:<br>(i) atá de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(ii) a táirgeadh ó phlandaí nach bhfacthas aon siomptóm de ghalar orthu arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (iii) a ndearnadh tástáil oifigiúil orthu le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin;<br>agus<br>(b) coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 9. | *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* | Síolta ó: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| | | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) fásadh na plandaí ó shíolta:<br>(i) atá de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas vesicatoria (ex* Doidge) Vauterin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(ii) a táirgeadh ó phlandaí nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar orthu arb é *Xanthomonas vesicatoria (ex* Doidge) Vauterin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(iii) a ndearnadh tástáil oifigiúil orthu le haghaidh *Xanthomonas vesicatoria (ex* Doidge) Vauterin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid (bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh), agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin;<br>agus<br>(b) coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | |
| 10. | *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Castanea* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. ag an láithreán táirgthe ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó<br>(c) rinneadh plandaí a raibh siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. le brath orthu a bhaint óna bhfréamh, agus rinneadh cigireacht sheachtainiúil ar na plandaí a bhí fágtha agus níor aimsíodh aon siomptóm ag an láithreán táirgthe ar feadh 3 seachtaine ar a laghad roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas. |
| 11. | *Dothistroma pini* Hulbary *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Pinus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) is de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet agus *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta iad na plandaí;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm arb iad *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet ná *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow ba chúis leis ag an láithreán táirgthe ná i bhfíorchóngar an láithreáin sin ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó<br>(c) rinneadh cóireálacha iomchuí in aghaidh *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet agus *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow, agus rinneadh cigireacht ar na plandaí roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus fuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim na lotnaidí sin. |
| 12. | *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid pailine agus a gcuid síolta: *Camellia* L., *Castanea sativa* Mill., *Fraxinus excelsior* L., *Larix decidua* Mill., *Larix kaempferi* (Lamb.) Carrière, | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar phlandaí óstacha ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | *Larix* × *eurolepis* A. Henry, *Pseudotsuga menziesii* (Mirb.) Franco, *Quercus cerris* L., *Quercus ilex* L., *Quercus rubra* L., *Rhododendron* L. seachas *R. simsii* L., *Viburnum* L. | (c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) plandaí a raibh siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld le brath orthu ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar siomptómach, tá siad bainte óna bhfréamh agus scriosta, lena n-áirítear ithir a bhí i bhfostú orthu; agus<br>(ii) maidir leis na plandaí óstacha uile atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó phlandaí siomptómacha agus maidir le haon phlanda atá fágtha ón mbaisc dá ndearnadh difear:<br>— laistigh de 3 mhí tar éis plandaí siomptómacha a aimsiú, níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar na plandaí sin in dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú, agus le linn na tréimhse 3 mhí sin ní dhearnadh aon chóireáil chun siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld a shochtadh, agus<br>— tar éis na tréimhse 3 mhí sin:<br>— níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar na plandaí sin ag an láithreán táirgthe, nó<br>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí sin atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas agus fuarthas iad a bheith saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld;<br>agus<br>(iii) maidir leis na plandaí eile ag an láthair táirgthe:<br>— níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld ar na plandaí sin ag an láithreán táirgthe, nó<br>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí sin atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas agus fuarthas é a bheith saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld. |
| 13. | *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni | Síolta ó:<br>*Helianthus annuus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni ag an láithreán táirgthe in dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn an tséasúir fáis; nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh dhá chigireacht ar a laghad ar an láithreán táirgthe ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn an tséasúir fáis;<br>agus<br>(ii) ní raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath ar níos mó ná 5 % de na plandaí le linn na gcigireachtaí sin, agus rinneadh gach planda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air a bhaint agus a scriosadh díreach tar éis na cigireachta;<br>agus<br>(iii) ag an gcigireacht deiridh, níor aimsíodh aon phlanda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air;<br>nó<br>(d) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh dhá chigireacht ar a laghad ar an láithreán táirgthe ag tráthanna iomchuí chun *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni a aimsiú le linn an tséasúir fáis;<br>agus<br>(ii) rinneadh gach planda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air a bhaint agus a scriosadh díreach tar éis na cigireachta;<br>agus<br>(iii) ag an gcigireacht deiridh, níor aimsíodh aon phlanda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air;<br>agus<br>(iv) rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch ó gach luchtóg agus fuarthas go raibh sí saor ón lotnaid sin;<br>nó<br>(e) rinneadh cóireáil iomchuí ar na síolta ar cóireáil í a léiríodh a bheith éifeachtach in aghaidh na dtréithchineálacha aitheanta uile de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni. |
| 14. | *Plenodomus tracheiphilus* (Petri) Gruyter, Aveskamp & Verkley | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Citrus* L.,<br>Hibridí de *Citrus* L.,<br>*Fortunella* Swingle,<br>Hibridí de *Fortunella* Swingle,<br>*Poncirus* Raf.,<br>*Poncirus* Raf. Hibridí | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Plenodomus tracheiphilus* (Petri) Gruyter, Aveskamp & Verkley i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) fásadh na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas a bheith saor ó *Plenodomus tracheiphilus* (Petri) Gruyter, Aveskamp & Verkley thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, le dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí, le linn an tséasúir fáis sin, agus rinneadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin táirgthe a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (c) ní raibh siomptóim le brath ar níos mó ná 2 % de na plandaí sa bhaisc le linn dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí chun *Plenodomus tracheiphilus* (Petri) Gruyter, Aveskamp & Verkley a aimsiú le linn an tséasúir fáis is déanaí, agus rinneadh na plandaí siomptómacha sin agus aon phlanda siomptómach eile i bhfiorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |
| 15. | *Puccinia horiana* P. Hennings | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Chrysanthemum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh cigireacht orthu go míosúil ar a laghad le linn na 3 mhí roimhe sin agus ní fhacthas aon siomptóm de *Puccinia horiana* Hennings ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(b) baineadh agus scriosadh máthairphlandaí a raibh siomptóim *Puccinia horiana* Hennings le brath orthu, mar aon le plandaí laistigh de gha 1 m, agus cuireadh cóireáil fhisiciúil nó cheimiceach iomchuí ar na plandaí a ndearnadh cigireacht orthu roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus fuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim na lotnaide sin. |

**Feithidí agus fíneoga**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 16. | *Aculops fuchsiae* Keifer | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Fuchsia* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Aculops fuchsiae* Keifer i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) ní fhacthas aon siomptóm de *Aculops fuchsiae* Keifer ar na plandaí, ná ar na máthairphlandaí óna dtagann siad, le linn cigireachtaí ag an láithreán táirgthe le linn an tséasúir fáis roimhe sin, ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú;<br>nó<br>(c) cuireadh cóireáil cheimiceach nó fhisiciúil iomchuí i bhfeidhm roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus rinneadh cigireacht ar na plandaí ina dhiaidh sin agus ní bhfuarthas aon siomptóm de *Aculops fuchsiae* Keifer. |
| 17. | *Opogona sacchari* Bojer | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Beaucarnea* Lem., *Bougainvillea* Comm. ex Juss., *Crassula* L., *Crinum* L., *Dracaena* Vand. ex L., *Ficus* L., *Musa* L., *Pachira* Aubl., | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Opogona sacchari* Bojer i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) fásadh na plandaí ag láithreán táirgthe nár aimsíodh aon siomptóm ná comhartha de *Opogona sacchari* Bojer ann le linn cigireachtaí a rinneadh gach 3 mhí ar a laghad le linn tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | Palmae, *Sansevieria* Thunb., *Yucca* L. | (c) cuirtear córas i bhfeidhm ar an láithreán táirgthe arb é is aidhm dó faireachán a dhéanamh ar an bpobal *Opogona sacchari* Bojer agus é a chosc agus plandaí inmhíolaithe a bhaint, agus rinneadh cigireacht ar gach baisc, ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú, roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus fuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Opogona sacchari* Bojer. |
| 18. | *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier) | Plandaí le haghaidh plandú seachas síolta, a bhfuil trastomhas gais níos mó ná 5 cm acu, agus a bhaineann leis na géinis agus leis na speicis seo a leanas: *Areca catechu* L., *Arenga pinnata* (Wurmb) Merr., *Bismarckia* Hildebr. & H. Wendl., *Borassus flabellifer* L., *Brahea armata* S. Watson, *Brahea edulis* H.Wendl., *Butia capitata* (Mart.) Becc., *Calamus merrillii* Becc., *Caryota cumingii* Lodd. ex Mart., *Caryota maxima* Blume, *Chamaerops humilis* L., *Cocos nucifera* L., *Copernicia* Mart., *Corypha utan* Lam., *Elaeis guineensis* Jacq., *Howea forsteriana* Becc., *Jubaea chilensis* (Molina) Baill., *Livistona australis* C. Martius, *Livistona decora* (W. Bull) Dowe, | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) fásadh na plandaí feadh a saolré iomláine i limistéar a shuigh an t-údarás freagrach oifigiúil go bhfuil sé saor ó *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) maidir leis na plandaí:<br>(i) fásadh iad sa 2 bhliain roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó roimh a ngluaiseacht laistigh den Aontas i láithreán:<br>— ina bhfuil leithlisiú fisiceach in aghaidh thabhairt isteach *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier);<br>nó<br>— i gcás inarb iomchuí tá cóireálacha coisctheacha iomchuí curtha i bhfeidhm, maidir le *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier);<br>agus<br>(ii) bhí siad faoi réir cigireachtaí a rinneadh uair amháin gach 4 mhí ar a laghad, lenar deimhníodh go raibh an t-ábhar sin saor ó *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier). |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | *Livistona rotundifolia* (Lam.) Mart., *Metroxylon sagu* Rottb., *Phoenix canariensis* Chabau, *Phoenix dactylifera* L., *Phoenix reclinate* Jacq., *Phoenix roebelenii* O'Brien, *Phoenix sylvestris* (L.) Roxb., *Phoenix theophrasti* Greuter, *Pritchardia* Seem. & H. Wendl., *Ravenea rivularis*Jum. & H. Perrier, *Roystonea regia* (Kunth) O.F. Cook, *Sabal palmetto* (Walter) Lodd. ex Schult. & Schult.f., *Syagrus romanzoffiana* (Cham.) Glassman, *Trachycarpus fortune* (Hook.) H. Wendl., *Washingtonia* H. Wendl. | |
| **Néimeatóidí** | | | |
| 19. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | Plandaí le haghaidh plandú:<br>*Allium* sp. L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar na plandaí agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev ar an mbaisc ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó<br>(c) fuarthas na bleibíní a bheith saor ó shiomptóim de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev ar bhonn cigireachtaí a rinneadh ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú agus rinneadh iad a phacáil lena ndíol leis an tomhaltóir deiridh. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 20. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Camassia* Lindl.,<br>*Chionodoxa* Boiss.,<br>*Crocus flavus* Weston,<br>*Galanthus* L.,<br>*Hyacinthus* Tourn. ex L.,<br>*Hymenocallis* Salisb.,<br>*Muscari* Mill.,<br>*Narcissus* L.,<br>*Ornithogalum* L.,<br>*Puschkinia* Adams,<br>*Scilla* L.,<br>*Sternbergia* Waldst. & Kit.,<br>*Tulipa* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar na plandaí agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev ar an mbaisc ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó<br>(c) fuarthas na bleibíní a bheith saor ó shiomptóim *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev, ar bhonn cigireachtaí a rinneadh ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú agus rinneadh iad a phacáil lena ndíol leis an tomhaltóir deiridh. |
| **Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí** | | | |
| 21. | *Candidatus* Phytoplasma mali Seemüller & Schneider | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Malus* Mill. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu agus go bhfuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Candidatus* Phytoplasma mali Seemüller & Schneider;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma mali Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas, trí chigireacht, a bheith saor ó *Candidatus* Phytoplasma mali Seemüller & Schneiderd thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus go ndearnadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;<br>nó<br>(c) nach raibh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma mali Seemüller & Schneider le brath ar níos mó ná 2 % de na plandaí sa bhaisc le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis is déanaí, agus go ndearnadh na plandaí siomptómacha sin agus aon phlanda siomptómach eile i bhfíorchóngar an láithreáin sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus sna baisceanna inar aimsíodh plandaí siomptómacha, go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí aisiomptómacha a bhí fágtha agus go bhfuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 22. | *Candidatus* Phytoplasma prunorum Seemüller & Schneider | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Prunus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu agus go bhfuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Candidatus* Phytoplasma prunorum Seemüller & Schneider;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Candidatus* Phytoplasma prunorum Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas, trí chigireacht, a bheith saor ó *Candidatus* Phytoplasma prunorum Seemüller & Schneider thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus go ndearnadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;<br>nó<br>(c) go raibh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma *prunorum* Seemüller & Schneider le brath ar sciar nár mhó ná 1 % de na plandaí sa bhaisc le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis is déanaí, agus go ndearnadh na plandaí siomptómacha sin agus aon phlanda siomptómach eile i bhfiorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach agus, sna baisceanna inar aimsíodh plandaí siomptómacha, go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí aisiomptómacha a bhí fágtha agus go bhfuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 23. | *Candidatus* Phytoplasma pyri Seemüller & Schneider | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Pyrus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu agus fuarthas go raibh siad saor ó shiomptóim de *Candidatus* Phytoplasma pyri Seemüller & Schneider;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma pyri Seemüller & Schneider i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) gur fásadh na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas, trí chigireacht, a bheith saor ó Candidatus Phytoplasma pyri Seemüller & Schneider thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus go ndearnadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;<br>nó<br>(c) na plandaí ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda eile i bhfíorchóngar an láithreáin, a raibh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma pyri Seemüller & Schneider le brath orthu le linn cigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na trí shéasúr fáis is déanaí, go ndearnadh iad a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 24. | *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Lavandula* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) d'fhás na plandaí i láithreán táirgthe a aithnítear a bheith saor ó *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.*;<br>nó<br>(c) níl aon siomptóm de *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* feicthe le linn cigireachtaí ar an mbaisc sa timthriall fásúil iomlán is déanaí;<br>nó<br>(d) plandaí a raibh siomptóim de *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* le brath orthu, rinneadh iad a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh, agus rinneadh tástáil ar an mbaisc, ar bhonn sampla ionadaíoch de phlandaí a bhí fágtha, agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 25. | Crapviróideach an chriosantamaim | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Argyranthemum* Webb ex Sch.Bip., *Chrysanthemum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go n-aithnítear go bhfuil siad saor ó chrapviróideach an chriosantamaim i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) tagann na plandaí, laistigh de thrí ghlúin den fhorleathadh, as stoc a fuarthas, trí thástáil, a bheith saor ó chrapviróideach an chriosantamaim. |
| 26. | Víoróideach eiseacoirtéise an chrainn citris | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Citrus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu agus a fuarthas a bheith saor ó víoróideach eiseacoirtéise an chrainn citris;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go n-aithnítear go bhfuil siad saor ó víoróideach eiseacoirtéise an chrainn citris i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas a bheith saor ó víoróideach eiseacoirtéise an chrainn citris thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, trí chigireacht a dhéanamh ar na plandaí ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú. |
| 27. | Víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais) | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Citrus* L., Hibridí de *Citrus* L., *Fortunella* Swingle, Hibridí de *Fortunella* Swingle, | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí ó mháthairphlandaí a tástáladh le linn na 3 bliana roimhe sin agus a fuarthas a bheith saor ó víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais);<br>agus<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ón víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | *Poncirus* Raf., Hibridí de *Poncirus* Raf. | (b) gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe a fuarthas a bheith saor ó víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais) thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, trí chigireacht a dhéanamh ar shampla ionadaíoch de na plandaí ag an tráth iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú;<br>nó<br>(c) gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe faoi chosaint fhisiciúil ar veicteoirí, agus go bhfuarthas iad a bheith saor ó víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais) thar an séasúr fáis iomlán is déanaí trí thástáil a dhéanamh go randamach ar na plandaí ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid a aimsiú;<br>nó<br>(d) sna cásanna ina bhfuil toradh dearfach ar an tástáil maidir le víreas Citrus tristeza (aonraígh de chuid an Aontais) a bheith i mbaisc, go ndearnadh tástáil ar na plandaí uile ina n-aonar agus go bhfuarthas nach raibh toradh dearfach ann i leith níos mó ná 2 % de na plandaí sin, agus go ndearnadh na plandaí a tástáladh agus a fuarthas a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach. |
| 28. | Tospaivíreas baill neacróisigh Impatiens | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Begonia x hiemalis*, Fotsch, Hibridí *Impatiens* L. na Nua-Ghuine | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe ina ndearnadh faireachán ar veicteoirí tripis ábhartha (*Frankliniella occidentalis* Pergande) agus, nuair a aimsíodh iad, gur cuireadh an láithreán faoi réir cóireálacha iomchuí chun cosc éifeachtach a bpobal a áirithiú;<br>agus<br>(a) nár aimsíodh aon siomptóm de thospaivíreas baill neacróisigh Impatiens ar phlandaí ag an láithreán táirgthe le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair;<br>nó<br>(b) i gcás aon phlanda ag an láithreán táirgthe a raibh siomptóim de thospaivíreas baill neacróisigh Impatiens le brath air le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair, go ndearnadh é a bhaint óna fhéamh agus go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas agus go bhfuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 29. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | Plandaí le haghaidh plandú: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalair arb é víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí is cúis leis ar na plandaí ag an láthair táirgthe le linn a dtimthrialla fhásúil iomláin;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na plandaí le haghaidh víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 30. | Víreas plumabholgaí | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Prunus armeniaca* L.,<br>*Prunus blireiana* Andre,<br>*Prunus brigantine* Vill.,<br>*Prunus cerasifera* Ehrh.,<br>*Prunus cistena* Hansen,<br>*Prunus curdica* Fenzl agus Fritsch.,<br>*Prunus domestica* ssp. *domestica* L.,<br>*Prunus domestica* ssp. *insititia* (L.) K. Schneid,<br>*Prunus domestica* ssp. *Itálica* (Borkh.) Hegi.,<br>*Prunus dulcis* (Mill.) D. A. Webb,<br>*Prunus glandulosa* Thunb.,<br>*Prunus holosericea* Batal.,<br>*Prunus hortulana* Bailey,<br>*Prunus japonica* Thunb.,<br>*Prunus mandshurica* (Maxim.) Koehne,<br>*Prunus maritima* Marsh.,<br>*Prunus mume* Sieb. agus Zucc.,<br>*Prunus nigra* Ait.,<br>*Prunus persica* (L.) Batsch,<br>*Prunus salicina* L.,<br>*Prunus sibirica* L.,<br>*Prunus simonii* Carr.,<br>*Prunus spinosa* L.,<br>*Prunus tomentosa* Thunb.,<br>*Prunus triloba* Lindl.,<br>*Prunus* L. atá soghabhálach i leith víreas plumabholgaí | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann fréamhstoic *Prunus* a iomadaíodh go fásúil ó mháthairphlandaí a ndearnadh sampláil agus tástáil orthu le linn na 5 bliana roimhe sin agus a fuarthas a bheith saor ó víreas plumabholgaí;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh an t-ábhar iomadaithe i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreas plumabholgaí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) nár aimsíodh aon siomptóm de víreas plumabholgaí ar ábhar iomadaithe sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí sa tréimhse is iomchuí den bhliain, agus dálaí aeráide agus dálaí fáis an phlanda agus tréithe bitheolaíocha an víris plumabholgaí á gcur san áireamh, agus gur baineadh óna fhréamh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin agus gur scriosadh láithreach é;<br>nó<br>(c) gur aimsíodh siomptóim de víreas plumabholgaí ar chion nár mhó ná 1 % de na plandaí sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí sa tréimhse is iomchuí den bhliain, agus dálaí aeráide agus dálaí fáis an phlanda agus tréithe bitheolaíocha an víris plumabholgaí á gcur san áireamh, agus go ndearnadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna fhréamh agus a scriosadh láithreach, agus, sna baisceanna inar aimsíodh plandaí siomptómacha, go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí aisiomptómacha a bhí fágtha agus go bhfuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin.<br>I gcás phointe (c), féadfar sampláil agus tástáil a dhéanamh ar sciar ionadaíoch de phlandaí, ar cinn iad nach raibh aon siomptóm de víreas plumabholgaí le brath orthu le linn cigireachta, ar bhonn measúnú ar an riosca go ndéanfaí na plandaí a ionfhabhtú leis an lotnaid sin. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 31. | Tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Begonia x hiemalis* Fotsch,<br>*Capsicum annuum* L.,<br>*Chrysanthemum* L.,<br>*Gerbera* L.,<br>Hibridí de *Impatiens* L. na Nua-Ghuine,<br>*Pelargonium* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe ina ndearnadh faireachán ar veicteoirí tripis ábhartha (*Frankliniella occidentalis* (Pergande) agus *Thrips tabaci* Lindeman) agus, nuair a aimsíodh iad, gur cuireadh an láithreán faoi chóireálacha iomchuí chun cosc éifeachtach a bpobal a áirithiú; agus<br>(a) nár aimsíodh aon siomptóm de thospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí ar phlandaí ag an láithreán táirgthe le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair;<br>nó<br>(b) i gcás aon phlanda ag an láithreán táirgthe a raibh siomptóim de thospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí le brath air le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair, go ndearnadh é a bhaint óna fhréamh agus go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas, agus go bhfuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |

CUID D

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar atáirgthe foraoise, seachas síolta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile i leith speicis plandaí áirithe chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus na plandaí le haghaidh plandú.

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha, a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1:*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | |
| 1. | *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Castanea sativa* Mill. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) is de thionscnamh limistéir a shuigh a an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta é an t-ábhar atáirgthe foraoise;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (c) rinneadh ábhar atáirgthe foraoise a bhfuil siomptóim de *Cryphonectria parasitica* (Murrill) Barr. le brath air a bhaint óna fhréamh, rinneadh cigireacht sheachtainiúil ar an ábhar a bhí fágtha agus níor aimsíodh aon siomptóm den lotnaid sin ag an láithreán táirgthe ar feadh 3 seachtaine ar a laghad roimh onnmhairiú an ábhair sin chuig an Aontas nó a ghluaiseacht laistigh den Aontas. |
| 2. | *Dothistroma pini* Hulbary *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Pinus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) is de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet agus *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta é an t-ábhar atáirgthe foraoise;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm arb iad *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet ná *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow ba chúis leis ag an láithreán táirgthe ná i bhfíorchóngar an láithreáin sin thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó<br>(c) rinneadh cóireálacha iomchuí sa láithreán táirgthe in aghaidh *Dothistroma pini* Hulbary, *Dothistroma septosporum* (Dorogin) Morelet agus *Lecanosticta acicola* (von Thümen) Sydow, agus rinneadh cigireacht ar an ábhar atáirgthe foraoise roimh a onnmhairiú chuig an Aontas nó a ghluaiseacht laistigh den Aontas, agus fuarthas é a bheith saor ó shiomptóim arb iad na lotnaidí sin is cúis leo. |
| 3. | *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid pailine agus a gcuid síolta: *Castanea sativa* Mill., *Fraxinus excelsior* L., *Larix decidua* Mill., *Larix kaempferi* (Lamb.) Carrière, *Larix × eurolepis* A. Henry, *Pseudotsuga menziesii* (Mirb.) Franco, *Quercus cerris* L., *Quercus ilex* L., *Quercus rubra* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá an t-ábhar atáirgthe foraoise de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar ábhar atáirgthe foraoise ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó<br>(c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) ábhar atáirgthe foraoise a raibh siomptóim de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld le brath air ag an láithreán táirgthe agus gach ábhar atáirgthe foraoise laistigh de raon 2 m den ábhar siomptómach, tá sé bainte óna fhréamh agus scriosta, lena n-áirítear ithir a bhí i bhfostú air;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (ii) maidir le gach ábhar atáirgthe foraoise atá lonnaithe laistigh de raon 10 m de phlandaí siomptómacha agus maidir le haon ábhar atáirgthe foraoise atá fágtha ón mbaisc dá ndearnadh difear:<br>— laistigh de 3 mhí tar éis aimsiú ábhair atáirgthe foraoise shiomptómaigh, níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar an ábhar atáirgthe foraoise sin in dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú, agus le linn na tréimhse 3 mhí sin ní dhearnadh aon chóireáil chun siomptóim *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) a shochtadh;<br>agus<br>— tar éis na tréimhse 3 mhí sin:<br>— níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar an ábhar atáirgthe foraoise sin ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar atáirgthe foraoise sin atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas agus fuarthas é a bheith saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld;<br>agus<br>(iii) maidir le hábhar atáirgthe foraoise eile ag an láthair táirgthe:<br>— níor aimsíodh aon siomptóm de *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld ar an ábhar atáirgthe foraoise sin ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar atáirgthe foraoise sin atá le honnmhairiú chuig an Aontas, nó le haistriú laistigh den Aontas, agus fuarthas é a bheith saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in ‘t Veld. |

CUID E

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol glasraí**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Baictéir** | | | |
| 1. | *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* | Síolta ó: *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach;<br>agus<br>(a) go bhfuil na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) go ndearnadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus go bhfuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 2. | *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al.* | Síolta ó: *Phaseolus vulgaris* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar an mbarr ónar bailíodh na síolta ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis agus fuarthas é a bheith saor ó *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al.;*<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na síolta agus fuarthas é a bheith saor ó *Xanthomonas phaseoli* pv. *phaseoli* (Smith) Constantin *et al.* de réir na dtástálacha sin. |
| 3. | *Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó: *Phaseolus vulgaris* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad et al.) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) rinneadh cigireacht ar an mbarr ónar bailíodh na síolta ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis agus fuarthas é a bheith saor ó *Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad et al.) Constantin *et al.*;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na síolta agus fuarthas é a bheith saor ó *Xanthomonas citri* pv. *fuscans* (Schaad et al.) Constantin *et al.* de réir na dtástálacha sin. |
| 4. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó:<br>*Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* |
| 5. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó:<br>*Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach;<br>agus<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) go ndearnadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus go bhfuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 6. | *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* | Síolta ó: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 7. | *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* | Síolta ó: *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach;<br>agus<br>(a) go bhfuil na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go n-aithnítear go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) go ndearnadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus go bhfuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 8. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 9. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Síolta ó: *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach;<br>agus<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil atá saor ó *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe; nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 10. | *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* | Síolta ó: *Capsicum annuum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) go bhfuil na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe; nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.*, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 11. | *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* | Síolta ó: *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach;<br>agus<br>(a) go bhfuil na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) nár aimsíodh aon siomptóm de ghalar arb é *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al*. is cúis leis trí chigireachtaí a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn thimthriall fásúil iomlán na bplandaí ag an láithreán táirgthe;<br>nó<br>(c) go ndearnadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al*., ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus go bhfuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |

**Feithidí agus fíneoga**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12. | *Acanthoscelides obtectus* (Say) | Síolta ó:<br>*Phaseolus coccineus* L.,<br>*Phaseolus vulgaris* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Acanthoscelides obtectus* (Say) i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh scrúdú amhairc ar shampla ionadaíoch de na síolta ag an tráth is oiriúnaí chun *Acanthoscelides obtectus* (Say) a aimsiú, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 13. | *Bruchus pisorum* (Linnaeus) | Síolta ó:<br>*Pisum sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Bruchus pisorum* (Linnaeus) i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh scrúdú amhairc ar shampla ionadaíoch de na síolta ag an tráth is oiriúnaí chun *Bruchus pisorum* (Linnaeus) a aimsiú, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 14. | *Bruchus rufimanus* Boheman | Síolta ó:<br>*Vicia faba* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Bruchus rufimanus* Boheman i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh scrúdú amhairc ar shampla ionadaíoch de na síolta ag an tráth is oiriúnaí chun *Bruchus rufimanus* Boheman a aimsiú, bíodh cóireáil iomchuí déanta orthu nó ná bíodh, agus fuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |

**Néimeatóidí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 15. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | Síolta ó:<br>*Allium cepa* L.,<br>*Allium porrum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus níor aimsíodh aon siomptóm den lotnaid sin;<br>nó<br>(c) fuarthas na síolta a bailíodh a bheith saor ó *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch;<br>nó<br>(d) rinneadh cóireáil fhisiciúil nó cheimiceach iomchuí ar an ábhar plandaithe in aghaidh *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev agus fuarthas na síolta a bheith saor ón lotnaid sin tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| **Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí** | | | |
| 16. | Víreas mósáice an pheipíonó | Síolta ó:<br>*Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuarthas na síolta trí eastóscadh iomchuí aigéid nó trí mhodh coibhéiseach,<br>agus<br>(a) go bhfuil na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreas mósáice an pheipíonó i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) nár aimsíodh aon siomptóm de ghalair arb é víreas mósáice an pheipíonó is cúis leo ar na plandaí ag an láthair táirgthe le linn a dtimthrialla fhásúil iomláin;<br>nó<br>(c) go ndearnadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh víreas mósáice an pheipíonó, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus go bhfuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 17. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | Síolta ó:<br>*Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalair arb é víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí is cúis leis ar na plandaí ag an láthair táirgthe le linn a dtimthrialla fhásúil iomláin;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na síolta le haghaidh víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 18. | Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Síolta ó:<br>*Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh tír a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sí saor ó ToBRFV, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) rinneadh tástáil oifigiúil nó rinne oibreoirí gairmiúla tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta le haghaidh víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh, ar shampla ionadaíoch agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;<br>nó<br>(c) i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh tástáil oifigiúil, nó rinne an t-oibreoir gairmiúil tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar na síolta, nó ar mháthairphlandaí na síolta sin, le haghaidh víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh ar shampla ionadaíoch, agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin de réir na dtástálacha sin. |
| 19. | Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Síolta ó: *Capsicum annuum* L., seachas síolta a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh tíre a shuigh údarás inniúil na tíre sin go bhfuil sí saor ó ToBRFV, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh tástáil oifigiúil nó rinne oibreoirí gairmiúla tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta le haghaidh víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh, ar shampla ionadaíoch agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;<br>nó<br>(c) i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh tástáil oifigiúil, nó rinne an t-oibreoir gairmiúil tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar na síolta, nó ar mháthairphlandaí na síolta sin, le haghaidh víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh ar shampla ionadaíoch, agus modhanna móilíneacha iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin de réir na dtástálacha sin. |

CUID F

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phrátaí síl**

Déanfaidh an t-údarás inniúil nó, má cheanglaítear amhlaidh, an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú agus nach sárófar na tairseacha a leagtar síos i dTábla 2.

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú, agus nach sáraítear na tairseacha a leagtar síos i dTábla 2.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú, agus i gcás inarb infheidhme, catagóir. | Bearta |
|---|---|---|---|
| 1. | Blackleg (*Dickeya* spp. Samson *et al.*; *Pectobacterium* spp. Waldee emend. Hauben *et al.*) | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go ndearna údarás inniúil cigireacht oifigiúil allamuigh ar na plandaí fáis. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl réamhbhunúsacha | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur léiríodh le cigireachtaí oifigiúla go dtagann siad ó mháthairphlandaí atá saor ó *Dickeya* spp. Samson *et al.* agus *Pectobacterium* spp. Waldee emend. Hauben *et al.* |
| 2. | Screamh dhubh a dhéanann difear do thiúbair ar níos mó ná 10 % dá ndromchla mar gheall ar *Thanatephorus cucumeris* (A.B. Frank) Donk | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go ndearna an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil ar na baisceanna agus go ndeimhníonn sé go gcomhlíonann siad Iarscríbhinn IV, Cuid G. |
| 3. | *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefting *et al.* | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefting *et al.* i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus é san áireamh go bhféadfadh na veicteoirí a bheith i láthair;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefting *et al.*, le linn cigireachtaí oifigiúla, ar phlandaí atá ag fás ag an láithreán táirgthe ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó<br>(c) rinne an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil ar na baisceanna agus deimhníonn sé go gcomhlíonann siad Iarscríbhinn IV, Cuid G. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl réamhbhunúsacha | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur léiríodh le cigireachtaí oifigiúla go dtagann siad ó mháthairphlandaí atá saor ó *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefting *et al.* |
| 4. | *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) níor aimsíodh aon siomptóm de Candidatus *Phytoplasma* solani Quaglino *et al.* ag an láthair táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú, agus i gcás inarb infheidhme, catagóir. | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) rinneadh aon phlanda ag an láithreán táirgthe a bhfuil siomptóim le brath air a bhaint óna fhréamh, lena dtiúbair sholraigh, agus a scriosadh; maidir le haon stoc ina bhfacthas siomptóim sa bharr fáis, rinneadh tástáil oifigiúil ar na tiúbair tar éis a mbainte, i gcás gach baisce, chun a dheimhniú nach bhfuil *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al* i láthair iontu. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl réamhbhunúsacha | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur léiríodh le cigireachtaí oifigiúla go dtagann siad ó mháthairphlandaí atá saor ó *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al*. |
| 5. | *Ditylenchus destructor* Thorne | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go ndearna an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil ar na baisceanna agus go ndeimhníonn sé go gcomhlíonann siad Iarscríbhinn IV, Cuid G. |
| 6. | Siomptóim mhósáice arb iad víris is cúis leo agus siomptóim arb é víreas rollta duilleog an phráta (aonraígh de chuid an Aontais) is cúis leo | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go ndearnadh cigireacht oifigiúil ar na plandaí fáis agus go gcomhlíonann siad an tairseach le haghaidh gach catagóire a leagtar amach i dTábla 2. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl réamhbhunúsacha | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na prátaí síl ó mháthairphlandaí atá saor ó víreas A an phráta, víreas M an phráta, víreas S an phráta (aonraígh de chuid an Aontais), víreas X an phráta (aonraígh de chuid an Aontais), víreas Y an phráta agus víreas rollta duilleog an phráta (aonraígh de chuid an Aontais), agus go gcomhlíonann siad ceann de na bearta seo a leanas:<br>(a) i gcás ina n-úsáidtear modhanna micrea-iomadaithe, suífear comhlíonadh an phointe seo trí thástáil oifigiúil, nó trí thástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar an máthairphlanda;<br>nó<br>(b) i gcás ina n-úsáidfear modhanna roghnúcháin clón, suífear comhlíonadh an phointe seo trí thástáil oifigiúil nó trí thástáil oifigiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, ar an stoc clón. |
| 7. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., stoc clón | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur léiríodh le tástáil oifigiúil, nó le tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, go dtagann an stoc clón ó mháthairphlandaí atá saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl réamhbhunúsacha agus bunúsacha | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) níor aimsíodh aon siomptóm de víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí;<br>nó<br>(b) i gcás gach baisce, rinneadh tástáil oifigiúil ar thiúbair tar éis a mbainte agus fuarthas na tiúbair sin a bheith saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí. |
| | | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl deimhnithe | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur léiríodh le cigireacht oifigiúil go bhfuil na prátaí síl deimhnithe saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, agus go ndéantar tástáil má fheictear aon siomptóm den lotnaid sin. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú, agus i gcás inarb infheidhme, catagóir. | Bearta |
|---|---|---|---|
| 8. | Gearbach púdrach a dhéanann difear do thiúbair ar níos mó ná 10 % dá ndromchla mar gheall ar *Spongospora subterranea* (Wallr.) Lagerh. | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go ndearna an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil ar na baisceanna agus gur dheimhnigh sé go gcomhlíonann siad Iarscríbhinn IV, Cuid G. |
| 9. | Siomptóim d'ionfhabhtú le víreas | Tiúbair le haghaidh plandú: *Solanum tuberosum* L., prátaí síl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear nach sáraíonn líon na bplandaí siomptómacha, le linn cigireachtaí oifigiúla ar an sliocht díreach, an céatadán a luaitear in Iarscríbhinn IV, Cuid G. |

I dteannta na mbeart a leagtar amach i dTábla 1, déanfaidh an t-údarás inniúil cigireachtaí oifigiúla chun a áirithiú nach sáróidh na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte atá ar na plandaí fáis na tairseacha a leagtar amach i dTábla 2.

*Tábla 2*

**Tairseacha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ar na plandaí óna dtáirgfear na tiúbair le haghaidh plandú**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speiceas) | Tairseach i dtaobh plandaí fáis le haghaidh prátaí síl réamhbhunúsacha [1] | | Tairseach i dtaobh na bplandaí fáis le haghaidh prátaí síl bunúsacha | Tairseach i dtaobh na bplandaí fáis le haghaidh prátaí síl deimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | PBTC | PB | | |
| 1. | Lorga dhubh (Dickeya Samson et al. spp.; *Pectobacterium* Waldee emend. Hauben *et al.* spp.) | *Solanum tuberosum* L. | 0 % | 0 % | 1,0 % | 4,0 % |
| 2. | *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefting *et al.* | *Solanum tuberosum* L. | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| 3. | *Candidatus* Phytoplasma solani Quaglino *et al.* | *Solanum tuberosum* L. | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| 4. | Siomptóim mhósáice arb iad víris is cúis leo agus siomptóim arb é víreas rollta duilleog an phráta (aonraígh de chuid an Aontais) is cúis leo | *Solanum tuberosum* L. | 0 % | 0,1 % | 0,8 % | 6,0 % |
| 5. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | *Solanum tuberosum* L. | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |

[1] Mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/21/AE ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2014 lena gcinntear na coinníollacha íosta agus gráid an Aontais do phráta síl réamhbhunúsach (IO L 38, 7.2.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2014/21/oj)

CUID G

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol plandaí ola agus snáithín**

**Roinn 1. Cigireacht ar an mbarr**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí allamuigh ar an mbarr óna dtáirgtear an síol plandaí ola agus snáithín chun a áirithiú nach sáraíonn na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte atá orthu na tairseacha a leagtar amach i dTábla 1.

*Tábla 1*

**Tairseacha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ar phlandaí le haghaidh plandú óna dtáirgtear na síolta**

| Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speiceas) | Tairseacha i dtaobh síol réamhbhunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol bunúsach a tháirgeadh | Tairseacha i dtaobh síol deimhnithe a tháirgeadh |
|---|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | | |
| *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni | *Helianthus annuus* L. | 0 % | 0 % | 0 % |

Féadfaidh an t-údarás inniúil cigirí, seachas na hoibreoirí gairmiúla, a údarú chun na cigireachtaí allamuigh a dhéanamh thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil.

(2) Déanfar na cigireachtaí allamuigh sin nuair a fhágann riocht agus céim forbartha an bhairr gur féidir cigireacht leormhaith a dhéanamh.

Déanfar cigireacht allamuigh amháin ar a laghad in aghaidh na bliana, ag an tráth is iomchuí chun na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann a aimsiú.

(3) Cinnfidh an t-údarás inniúil méid, líon agus dáileadh na sciartha den ghort a mbeidh cigireacht le déanamh orthu i gcomhréir leis na modhanna iomchuí.

Is é 5 % ar a laghad a bheidh i gcion na mbarr chun síol a tháirgeadh a ndéanfaidh an t-údarás inniúil cigireacht oifigiúil air.

(4) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 2. Sampláil agus tástáil síolta plandaí ola agus snáithín**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:

(a) samplaí síl a tharraingt go hoifigiúil ó bhaisceanna síolta plandaí ola agus snáithín;

(b) samplóirí síolta a údarú chun sampláil a dhéanamh, thar a cheann agus faoina mhaoirseacht oifigiúil;

(c) comparáid a dhéanamh idir na samplaí síolta arna dtógáil aige féin agus samplaí ón mbaisc síolta chéanna arna dtógáil ag na samplóirí síolta faoi mhaoirseacht oifigiúil;

(d) maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na samplóirí síolta dá bhforáiltear i bpointe (b).

(2) Déanfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil an síol plandaí ola agus snáithín a shampláil agus a thástáil i gcomhréir leis na modhanna idirnáisiúnta atá cothrom le dáta.

Ach amháin i gcás sampláil uathoibríoch, seiceálfaidh an t-údarás inniúil cion 5 % ar a laghad de na baisceanna síolta a chuirtear isteach le haghaidh deimhniú. Scaipfear an cion sin ar bhealach chomh cothrom agus is féidir i measc na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuireann isteach síol lena dheimhniú, agus i measc na speiceas a chuirtear isteach, ach féadfar díriú leis freisin ar fháil réidh le hamhras sonrach.

(3) I gcás sampláil uathoibríoch, cuirfear nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm agus déanfaidh an t-údarás inniúil maoirseacht oifigiúil uirthi.

(4) Chun síol a scrúdú le haghaidh deimhniú agus chun scrúdú a dhéanamh ar shíol tráchtála, tógfar samplaí ó bhaisceanna aonchineálacha. A mhéid a bhaineann le meáchain na mbaisceanna agus na samplaí, beidh feidhm ag an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/57/CE.

(5) Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 3. Bearta breise le haghaidh síolta plandaí ola agus snáithín**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, na cigireachtaí breise agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 2, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí, agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 2, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 2*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | |
| 1. | *Alternaria linicola* Groves & Skolko | Síolta ó: *Linum usitatissimum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Alternaria linicola* Groves & Skolko i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta a údaraítear lena húsáid in aghaidh *Alternaria linicola* Groves & Skolko;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Alternaria linicola* Groves & Skolko a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| 2. | *Boeremia exigua* var. *linicola* (Naumov & Vassiljevsky) Aveskamp, Gruyter & Verkley | Síolta ó: *Linum usitatissimum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Boeremia exigua* var. *linicola* (Naumov & Vassiljevsky) Aveskamp, Gruyter & Verkley i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta atá údaraithe lena húsáid in aghaidh *Boeremia exigua* var. *linicola* (Naumov & Vassiljevsky) Aveskamp, Gruyter & Verkley;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Boeremia exigua* var. *linicola* (Naumov & Vassiljevsky) Aveskamp, Gruyter & Verkley a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 3. | *Botrytis cinerea* de Bary | Síolta ó: *Helianthus annuus* L., *Linum usitatissimum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó*Botrytis cinerea* de Bary i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta a údaraítear lena húsáid in aghaidh *Botrytis cinerea* de Bary;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Botrytis cinerea* de Bary a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| 4. | *Colletotrichum lini* Westerdijk | Síolta ó: *Linum usitatissimum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Colletotrichum lini* Westerdijk i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta a údaraítear lena húsáid in aghaidh *Colletotrichum lini* Westerdijk;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Colletotrichum lini* Westerdijk a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| 5. | *Diaporthe caulivora* (Athow & Caldwell) J.M. Santos, Vrandecic & A.J.L. Phillips | Síolta ó: *Glycine max* (L.) Merryl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Diaporthe caulivora* (Athow & Caldwell) J.M. Santos, Vrandecic & A.J.L. Phillips i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta a údaraítear lena húsáid in aghaidh *Diaporthe caulivora* (Athow & Caldwell) J.M. Santos, Vrandecic & A.J.L. Phillips;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Diaporthe caulivora* (Athow & Caldwell) J.M. Santos, Vrandecic & A.J.L. Phillips a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| 6. | *Diaporthe sojae* Lehman | Síolta ó: *Glycine max* (L.) Merryl | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Diaporthe sojae* Lehman i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta a údaraítear lena húsáid in aghaidh *Diaporthe sojae* Lehman;<br>nó<br>(c) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Diaporthe sojae* Lehman a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 7. | *Fusarium* Link (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell | Síolta ó: *Linum usitatissimum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) cuireadh i bhfeidhm cóireáil síolta atá údaraithe le húsáid in aghaidh *Fusarium* (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell;<br>nó<br>(b) ní sháraítear an lamháltas socraithe ar shíolta le haghaidh *Fusarium* Link (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell Phillips a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ar bhonn tástáil saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| 8. | *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni | Síolta ó: *Helianthus annuus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta *Helianthus annuus* L. de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni ag an láithreán táirgthe le linn dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis;<br>nó<br>(c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh dhá chigireacht ar a laghad ar an láithreán táirgthe ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid sin a aimsiú le linn an tséasúir fáis;<br>agus<br>(ii) ní raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath ar níos mó ná 5 % de na plandaí le linn cigireachta, agus rinneadh gach planda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* le brath air a bhaint agus a scriosadh díreach tar éis na cigireachta;<br>agus<br>(iii) ag an gcigireacht deiridh, níor aimsíodh aon phlanda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air;<br>nó<br>(d) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh dhá chigireacht ar a laghad ar an láithreán táirgthe ag tráthanna iomchuí le linn an tséasúir fáis chun *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni a aimsiú;<br>agus<br>(ii) rinneadh gach planda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air a bhaint agus a scriosadh díreach tar éis na cigireachta;<br>agus<br>(iii) ag an gcigireacht deiridh, níor aimsíodh aon phlanda a raibh siomptóim de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni le brath air, agus rinneadh sampla ionadaíoch as gach baisc a thástáil agus fuarthas é a bheith saor ó *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (e) rinneadh cóireáil iomchuí ar na síolta ar cóireáil í a léiríodh a bheith éifeachtach in aghaidh na dtréithchineálacha aitheanta uile de *Plasmopara halstedii* (Farlow) Berlese & de Toni. |
| **Víris, vióróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí** | | | |
| 9. | Víreas fáinnebhall an phlanda tobac | Síolta ó: *Glycine max* (L.) Merr. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá síolta *Glycine max* (L.) Merr. de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreas fáinnebhall an phlanda tobac i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) rinneadh dhá chigireacht ar a laghad ar an láithreán táirgthe ag tráthanna iomchuí chun siomptóim ionfhabhtaithe ó víreas fáinnebhall an phlanda tobac a aimsiú, agus baineadh agus scriosadh gach planda siomptómach díreach tar éis na cigireachta sin agus, ag an gcigireacht deiridh, níor aimsíodh aon phlanda a raibh siomptóim den lotnaid sin le brath air. |

CUID H

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síolta**

**Roinn 1. Cigireacht**

(1) Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, seiceálacha agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) beidh an chuma ar a laghad, tar éis cigireacht a dhéanamh, ar na plandaí go bhfuil siad saor, geall leis, ó lotnaidí a liostaítear sa tábla sa phointe seo, i leith na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann;

(b) aon phlanda a bhfuil comharthaí nó siomptóim infheicthe de na lotnaidí a liostaítear sna táblaí sa phointe seo air, ag céim an bhairr fáis, cóireáladh go cuí é chomh luath agus a tháinig siad chun cinn nó, i gcás inarb iomchuí, fuarthas réidh leo;

(c) i gcás bleibíní seallóidí agus gairleoige, tagann na plandaí go díreach ó ábhar a seiceáladh agus a fuarthas, ag céim an bhairr fáis, atá saor, geall leis, ó aon lotnaid a liostaítear sna táblaí sa phointe seo.

(2) Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má bhí siad, sna tíortha lena mbaineann, faoi réir na mbeart dá bhforáiltear sa Roinn seo.

**Roinn 2. Bearta breise le haghaidh speicis plandaí áirithe**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha, a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Baictéir** | | | |
| 1. | *Clavibacter michiganensis* (Smith) Davis *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fásadh na plandaí ó shíolta a chomhlíonann na bearta a leagtar síos i gCuid E agus gur coinníodh iad saor ó ionfhabhtú le bearta sláinteachais iomchuí. |
| 2. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *euvesicatoria* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fásadh na plandaí ó shíolta a chomhlíonann na bearta a leagtar síos i gCuid E agus gur coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 3. | *Xanthomonas hortorum* pv. *gardneri* (Jones *et al.*) Morinière *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fásadh na plandaí ó shíolta a chomhlíonann na bearta a leagtar síos i gCuid E agus gur coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 4. | *Xanthomonas euvesicatoria* pv. *perforans* (Jones *et al.*) Constantin *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fásadh na plandaí ó shíolta a chomhlíonann na bearta a leagtar síos i gCuid E agus gur coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 5. | *Xanthomonas vesicatoria* (ex Doidge) Vauterin *et al.* | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fásadh na plandaí ó shíolta a chomhlíonann na bearta a leagtar síos i gCuid E agus gur coinníodh plandaí óga i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| **Fungais agus úimícéití** | | | |
| 6. | *Fusarium* Link (géineas anamorfach), seachas *Fusarium oxysporum* f. sp. *albedinis* (Kill. & Maire) W.L. Gordon agus *Fusarium circinatum* Nirenberg & O'Donnell | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Asparagus officinalis* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) comhlíontar ceann de na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh scrúdú amhairc ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis, baineadh sampla ionadaíoch de na plandaí agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Fusarium* Link; nó<br>(ii) rinneadh scrúdú amhairc ar an mbarr ar a laghad dhá uair ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus rinneadh plandaí a raibh siomptóim de *Fusarium* Link le brath orthu a bhaint óna bhfréamh láithreach agus ní fhacthas aon siomptóm le linn cigireacht deiridh ar an mbarr fáis;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) rinneadh cigireacht ar chorónacha *Asparagus officinalis* L. roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus ní fhacthas aon siomptóm de *Fusarium* Link. |
| 7. | *Helicobasidium brebissonii* (Desm.) Donk | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Asparagus officinalis* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) comhlíontar ceann de na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh scrúdú amhairc ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis, baineadh sampla ionadaíoch de na plandaí agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Helicobasidium brebissonii* (Desm.) Donk;<br>nó<br>(ii) rinneadh cigireacht ar an mbarr ar a laghad dhá uair ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus rinneadh plandaí a raibh siomptóim de *Helicobasidium brebissonii* (Desm.) Donk le brath orthu a bhaint óna bhfréamh láithreach agus ní fhacthas aon siomptóm le linn cigireacht deiridh ar an mbarr fáis;<br>agus<br>(b) rinneadh cigireacht ar chorónacha *Asparagus officinalis* L. roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus ní fhacthas aon siomptóm de*Helicobasidium brebissonii* (Desm.) Donk. |
| 8. | *Stromatinia cepivora* Berk. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Allium cepa* L., *Allium fistulosum* L., *Allium porrum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) is trasphlanduithe modúlacha iad na plandaí a fásadh i meán atá saor ó *Stromatinia cepivora* Berk.;<br>nó<br>(b) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) ceann de na ceanglais seo a leanas:<br>— rinneadh cigireacht ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Stromatinia cepivora* Berk.;<br>nó<br>— rinneadh cigireacht ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus rinneadh plandaí a raibh siomptóim de *Stromatinia cepivora* Berk. le brath orthu a bhaint óna bhfréamh láithreach agus ní fhacthas aon siomptóm le linn cigireacht deiridh bhreise ar an mbarr fáis;<br>agus<br>(ii) rinneadh cigireacht ar na plandaí roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus ní fhacthas aon siomptóm de *Stromatinia cepivora* Berk. |
| 9. | *Stromatinia cepivora* Berk. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Allium sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) comhlíontar ceann de na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh cigireacht ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus níor aimsíodh aon siomptóm de *Stromatinia cepivora* Berk.;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (ii) rinneadh cigireacht ar an mbarr ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú le linn an tséasúir fáis agus rinneadh plandaí a raibh siomptóim de *Stromatinia cepivora* Berk. le brath orthu a bhaint óna bhfréamh láithreach agus ní fhacthas aon siomptóm le linn cigireacht deiridh bhreise ar an mbarr fáis;<br>agus<br>(b) rinneadh cigireacht ar na plandaí nó na sáiteáin roimh a n-onnmhairiú chuig an Aontas nó a ngluaiseacht laistigh den Aontas, agus ní fhacthas aon siomptóm de *Stromatinia cepivora* Berk. |
| 10. | *Verticillium dahliae* Kleb. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Cynara cardunculus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann máthairphlandaí ó ábhar a tástáladh agus a fuarthas a bheith saor ó *Verticillium dahliae* Kleb;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Verticillium dahliae* Kleb. i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Físeashláintíochta;<br>nó<br>(b) go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) fásadh na plandaí i láithreán táirgthe arb eol a stair táirgthe barr, agus níl aon taifead ann ar *Verticillium dahliae* Kleb. a bheith i láthair;<br>agus<br>(ii) rinneadh cigireacht ar na plandaí ag tráthanna iomchuí ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus fuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Verticillium dahliae* Kleb. |

**Néimeatóidí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 11. | *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev | Plandaí le haghaidh plandú, seachas na plandaí chun barr tráchtála a tháirgeadh:<br>*Allium cepa* L.,<br>*Allium sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Físeashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus níor aimsíodh aon siomptóm den lotnaid sin;<br>nó<br>(c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus bhí siomptóim d'inmhíolú leis an lotnaid sin le brath ar sciar nár mhó ná 2 % de na plandaí;<br>agus<br>(ii) rinneadh na plandaí a fuarthas a bheith ionfhabhtaithe le *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev a bhaint óna bhfréamh láithreach;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (iii) fuarthas na plandaí a bhí fágtha a bheith saor ó *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev trí thástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch;<br>nó<br>(d) rinneadh cóireáil fhisiciúil nó cheimiceach iomchuí ar na plandaí in aghaidh *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid sin tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |
| | | Plandaí le haghaidh plandú le haghaidh táirgeadh bairr tráchtála:<br>*Allium cepa* L.,<br>*Allium sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun *Ditylenchus dispaci* (Kuehn) Filipjev a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus níor aimsíodh aon siomptóm den lotnaid sin;<br>nó<br>(c) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí;<br>agus<br>(ii) plandaí a raibh siomptóim de *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev le brath orthu tá siad bainte óna bhfréamh agus scriosta láithreach;<br>agus<br>(iii) fuarthas na plandaí a bhí fágtha a bheith saor ó *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch;<br>nó<br>(d) rinneadh cóireáil fhisiciúil nó cheimiceach iomchuí ar na síolta agus fuarthas iad a bheith saor ó *Ditylenchus dipsaci* (Kuehn) Filipjev tar éis tástálacha saotharlainne ar shampla ionadaíoch. |

**Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12. | Víreas stríce buí na cainninne | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Allium sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus ní fhacthas aon siomptóm de víreas stríce buí na cainninne;<br>nó<br>(b) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí, agus bhí siomptóim de víreas stríce buí na cainninne le brath ar sciar nach mó ná 10 % de na plandaí, agus rinneadh na plandaí sin a bhaint óna bhfréamh láithreach agus bhí siomptóim le brath ar sciar nár mhó ná 1 % de na plandaí i gcigireacht deiridh. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 13. | Víreas abhcach buí an oinniúin | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Allium cepa* L., *Allium sativum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí agus ní fhacthas aon siomptóm de víreas abhcach buí an oinniúin;<br>nó<br>(b) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh cigireacht ar an mbarr uair amháin ar a laghad ag tráth iomchuí chun an lotnaid a aimsiú ó thús an timthrialla fhásúil iomláin is déanaí, agus bhí siomptóim de víreas abhcach buí an oinniúin le brath ar sciar nár mhó ná 10 % de na plandaí;<br>agus<br>(ii) rinneadh na plandaí a fuarthas a bheith ionfhabhtaithe le víreas abhcach buí an oinniúin a bhaint óna bhfréamh láithreach;<br>agus<br>(iii) bhí siomptóim de víreas abhcach buí an oinniúin le brath ar sciar nár mhó ná 1 % de na plandaí i gcigireacht deiridh. |
| 14. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L., *Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) níor aimsíodh aon siomptóm galar arb é víoróideach tiúbair fearsaide prátaí is cúis leis ar na plandaí ag an láthair táirgthe le linn a dtimthrialla fásra iomláin;<br>nó<br>(b) rinneadh tástáil oifigiúil ar na plandaí le haghaidh víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 15. | Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí le haghaidh plandú de thionscnamh tír a shuigh údarás inniúil na tíre sin go bhfuil sí saor ó víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) tagann na plandaí le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid E den Iarscríbhinn seo, agus coinníodh iad i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |
| 16. | Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Capsicum annuum* L. seachas plandaí le plandú a bhaineann le cineál arb eol go bhfuil sé frithsheasmhach in aghaidh víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na plandaí le haghaidh plandú de thionscnamh tír a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sí saor ó víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) tagann na plandaí le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid E den Iarscríbhinn seo, agus coinníodh iad i ndálaí sláinteachais iomchuí chun ionfhabhtú a chosc. |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| 17. | Tospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Capsicum annuum* L.,<br>*Lactuca sativa* L.,<br>*Solanum lycopersicum* L.,<br>*Solanum melongena* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear gur fhás na plandaí i láithreán táirgthe a cuireadh faoi réir córas faireacháin ar veicteoirí slise ábhartha (*Frankliniella occidentalis* Pergande agus *Thrips tabaci* Lindeman) agus, nuair a aimsítear na veicteoirí sin, go ndéantar cóireálacha iomchuí chun cosc éifeachtach pobal a áirithiú;<br>agus<br>(a) nár aimsíodh aon siomptóm de thospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí ar phlandaí ag an láithreán táirgthe le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair;<br>nó<br>(b) i gcás aon phlanda ag an láithreán táirgthe a raibh siomptóim de thospaivíreas sleabhctha ballach na dtrátaí le brath air le linn na tréimhse fáis atá ann faoi láthair, go ndearnadh é a bhaint óna fhréamh agus go ndearnadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí atá le honnmhairiú chuig an Aontas nó le haistriú laistigh den Aontas, agus go bhfuarthas é a bheith saor ón lotnaid sin. |
| 18. | Víreas cuachta duilleog buí an tráta | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta:<br>*Solanum lycopersicum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) níor aimsíodh aon siomptóm de víreas cuachta duilleog buí an tráta ar na plandaí;<br>nó<br>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalar cuachta duilleog buí an tráta sa láthair táirgthe. |

CUID I

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar shíol Solanum tuberosum L.**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1 agus a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann a bheith ar shíolta ó *Solanum tuberosum* L..

Ní fhéadfar síolta de thionscnamh tríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Víreas** | | | |
| 1. | Víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí | Síolta ó:<br>*Solanum tuberosum* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) tá na síolta de thionscnamh limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) níor aimsíodh aon siomptóm de ghalair arb é víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí is cúis leis ar na plandaí ag an láthair táirgthe le linn a dtimthrialla fhásúil iomláin;<br>nó<br>(c) rinneadh tástáil oifigiúil ar na plandaí le haghaidh víreoideach tiúbar fearsaideach prátaí, ar shampla ionadaíoch agus modhanna iomchuí á n-úsáid, agus fuarthas, de réir na dtástálacha sin, iad a bheith saor ón lotnaid sin. |

CUID J

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar phlandaí Humulus lupulus L. le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, cigireachtaí agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.:

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha, a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1, a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Fungais agus úimícéití** | | | |
| 1. | *Verticillium dahliae* Kleb. | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Humulus lupulus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí le haghaidh plandú ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu ag an tráth is iomchuí agus go bhfuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Verticillium dahliae* Kleb.;<br>agus<br>(a) gur táirgeadh na plandaí le haghaidh plandú i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Verticillium dahliae* Kleb. i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta;<br>nó<br>(b) gur táirgeadh na plandaí le haghaidh plandú i láthair táirgthe a aithnítear a bheith saor ó *Verticilium dahliae* Kleb.;<br>nó<br>(c) go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh na plandaí le haghaidh plandú a aonrú ó bharra táirgthe *Humulus lupulus* L.;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (ii) fuarthas go raibh an láithreán táirgthe saor ó *Verticillium dahliae* Kleb thar an séasúr fáis iomlán is déanaí ag tráthanna iomchuí, trí chigireacht a dhéanamh ar an duilliúr ag an tráth is iomchuí; agus<br>(iii) taifeadadh stair gort maidir le táirgeadh barr agus galair arna n-iompar san ithir agus bhí tréimhse shosa ó phlandaí óstacha a bhí cothrom le 4 bliana ar a laghad i gceist idir cásanna ina bhfuarthas *Verticillium dahliae* Kleb. agus an chéad bhabhta curaíochta eile. |
| 2. | *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Humulus lupulus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear go dtagann na plandaí le haghaidh plandú ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu an tráth is iomchuí agus go bhfuarthas iad a bheith saor ó shiomptóim de *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao;<br>agus<br>(a) go bhfuil na plandaí le haghaidh plandú de thionscnamh limistéar a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) gur táirgeadh na plandaí le haghaidh plandú i láthair tháirgthe a aithnítear a bheith saor ó *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao; nó<br>(c) go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) rinneadh na plandaí le haghaidh plandú a aonrú ó bharra táirgthe *Humulus lupulus* L.; agus<br>(ii) fuarthas go raibh an láithreán táirgthe saor ó *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, trí chigireacht a dhéanamh ar an duilliúr ag tráthanna iomchuí; agus<br>(iii) taifeadadh stair gort maidir le táirgeadh barr agus galair arna n-iompar san ithir agus bhí tréimhse shosa ó phlandaí óstacha a bhí cothrom le 4 bliana ar a laghad i gceist idir cásanna ina bhfuarthas *Verticillium nonalfalfae* Inderbitzin, H.W. Platt, Bostock, R.M. Davis & K.V. Subbarao agus an chéad bhabhta curaíochta eile. |

**Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Víoróideach scoilte coirte chrann citris | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Humulus lupulus* L. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó Víoróideach scoilte coirte chrann citris i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (b) comhlíontar na ceanglais seo a leanas:<br>(i) fuarthas le cigireacht ar na plandaí ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid a aimsiú go bhfuil an láthair táirgthe saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris le linn an dá shéasúr fáis iomlána is déanaí agus chun tras-seoladh meicniúil a chosc, cuireadh bearta sláinteachais oiriúnacha i bhfeidhm ag an láthair táirgthe;<br>agus<br>(ii) tagann na plandaí le haghaidh plandú ó mháthairphlandaí a fuarthas go raibh siad saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris;<br>agus<br>— rinneadh sampla ionadaíoch de na máthairphlandaí a thástáil ag an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú le linn an 12 mhí dheireanacha agus fuarthas iad a bheith saor ó Víoróideach scoilte coirte chrann citris;<br>agus<br>— rinneadh na máthairphlandaí a aonrú ó *Humulus lupulus* L. a fásadh in áiteanna táirgthe comharsanachta atá lonnaithe 20 m ar shiúl, ar a laghad;<br>agus ceann de na roghanna seo a leanas:<br>— i gcás máthairphlandaí a coinníodh i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiciúil aige ó fhoinsí ionfhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris, rinneadh scrúdú amhairc ar na máthairphlandaí, agus rinneadh iad a shampláil agus a thástáil gach bliain ag an tráth is oiriúnaí chun víoróideach scoilte coirte chrann citris a aimsiú chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 5 bliana;<br>nó<br>— i gcás máthairphlandaí nár coinníodh i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiciúil aige ar fhoinsí ionfhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris, fuarthas le cigireacht an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú go bhfuil na plandaí saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris thar na cúig shéasúr fáis iomlána is déanaí;<br>agus<br>(iii) i gcás táirgeadh plandaí fréamhaithe le haghaidh plandú atá le haistriú, an láithreán táirgthe a úsáideadh le haghaidh fréamhú<br>— rinneadh é a aonrú ó bharra táirgthe de *Humulus lupulus* L. atá lonnaithe 20 m ar shiúl, ar a laghad;<br>nó<br>— rinneadh é a chosaint go fisiciúil ó fhoinsí ionfhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris. |

CUID K

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe torthaí agus ar phlandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí Actinidia Lindl., seachas síolta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, seiceálacha agus déanfaidh sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte faoi seach agus plandaí le haghaidh plandú, dá bhforáiltear sa tríú colún de Thábla 1.

Ní fhéadfar plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta de thionscnamh tríú tíortha, a thabhairt isteach san Aontas ach amháin más rud é, sna tíortha lena mbaineann, go ndearna an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, cigireachtaí agus go ndearna sé aon ghníomh eile chun a áirithiú go gcomhlíontar na bearta a liostaítear i dTábla 1 a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena mbaineann agus plandaí le haghaidh plandú.

*Tábla 1*

**Liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo, na plandaí comhfhreagracha le haghaidh plandú agus na bearta atá le comhlíonadh**

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| **Baictéir** | | | |
| 1. | *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto | Plandaí le haghaidh plandú, seachas a gcuid síolta: *Actinidia* Lindl. | Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(a) táirgeadh an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó<br>(b) tagann an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh scrúdú amhairc orthu dhá uair in aghaidh na bliana, agus fuarthas iad a bheith saor ó *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto;<br>agus comhlíonadh ceann de na roghanna faoi phointe (c) agus ceann de na roghanna faoi phointe (d):<br>(c) ceann de na ceanglais seo a leanas maidir le máthairphlandaí:<br>(i) i gcás máthairphlanda a coinníodh i saoráidí lena n-áirithítear cosaint fhisiciúil ar ionfhabhtú le *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto, rinneadh sciar ionadaíoch de na máthairphlandaí a shampláil agus a thástáil gach 4 bliana chun *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto a aimsiú, chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 8 mbliana; nó<br>(ii) i gcás máthairphlanda nár coinníodh i saoráidí lena n-áirithítear cosaint fhisiciúil ar ionfhabhtú le *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto, rinneadh sciar ionadaíoch de na máthairphlandaí a shampláil agus a thástáil gach bliain chun *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto a aimsiú, chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 3 bliana;<br>agus |

| | Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim arb iad lotnaidí neamhchoraintín rialáilte is cúis leo | Plandaí le haghaidh plandú | Bearta |
|---|---|---|---|
| | | | (d) ceann de na ceanglais seo a leanas maidir le hábhar iomadaithe:<br>(i) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí a coinníodh sna saoráidí lena n-áirithítear cosaint fhisiciúil ar ionfhabhtú le *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto, níor aimsíodh aon siomptóm de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto ar an ábhar iomadaithe ná ar na plandaí torthaí sin sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí;<br>nó<br>(ii) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí nár coinníodh i saoráidí lena n-áirithítear cosaint fhisiciúil ar ionfhabhtú le *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto, níor aimsíodh aon siomptóm de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto ar an ábhar iomadaithe ná ar na plandaí torthaí sin sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí agus bhí an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí sin faoi réir sampláil agus tástáil randamach i leith *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto sular cuireadh ar an margadh iad agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid lena mbaineann;<br>nó<br>(iii) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí nár coinníodh i saoráidí lena n-áirithítear cosaint fhisiciúil ar ionfhabhtú le *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto, aimsíodh siomptóim de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto ar sciar nár mhó ná 1 % den ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí sa láithreán táirgthe, agus rinneadh an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí sin, agus aon ábhar iomadaithe siomptómach agus aon phlanda torthaí siomptómach i bhfíorchóngar an láithreáin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus rinneadh sampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe agus de na plandaí torthaí aisiomptómacha a bhí fágtha a shampláil agus a thástáil le haghaidh *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid lena mbaineann.‘ |